C/2025/5887

4.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12149 — HARTREE / ED&F MAN CHILE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5887)

1. An 24 Deireadh Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Hartree Partners, LP ('Hartree', na Stáit Aontaithe), atá faoi rialú deiridh Brookfield Corporation (Ceanada)

— ED& F Man Chile Holdings SpA ('ED& F Man Chile', an tSile), atá faoi rialú deiridh Agman Group Limited (an Ríocht Aontaithe)

Gheobhaidh Hartree rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar ED&F Man Chile ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht trádála tráchtearraí domhanda é Hartree a bhfuil speisialtóireacht aige i bhfuinneamh, i miotail, i dtráchtearraí eile agus i margaí airgeadais,

— Tá ED & F Man Chile gníomhach in earnáil na talmhaíochta agus an bhia, go príomha sa tSile agus i bPeiriú, ag díriú ar tháirgeadh agus ar dhíol siúcra, molás, laín torthaí agus glasraí, purée, dlútháin sú, táirgí bia miondíola, cothaithe ainmhithe agus soláthairtí talmhaíochta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12149 — HARTREE / ED&F MAN CHILE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir na barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË